Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/381

23.1.2024

**CINNEADH (CBES) 2024/381 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 22 Eanáir 2024**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2111 mar thaca le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe airm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa chun bagairt na mionarmán aindleathach agus na n-armán éadrom aindleathach agus a n-armlón a laghdú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/2111 ([1]), lenar foráladh do thréimhse 48 mí cur chun feidhme tionscadail dar tús dáta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(4) den Chinneadh sin. Dá bhrí sin, ba é an 1 Feabhra 2020 an dáta a cuireadh tús leis an tréimhse cur chun feidhme.

(2) An 6 Nollaig 2023, d'iarr Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe thar ceann Theach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC), atá freagrach as cur chun feidhme teicniúil an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh (CBES) 2019/2111, go gcuirfí síneadh leis an tréimhse cur chun feidhme go dtí an 31 Nollaig 2024.

(3) Maidir le síneadh a chur le tréimhse cur chun feidhme an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2019/2111 go dtí an 31 Nollaig 2024, níl aon impleachtaí aige sin maidir le hacmhainní airgeadas an Aontais.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2019/2111 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2019/2111 ón gComhairle, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 31 Nollaig 2024.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Eanáir 2024.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/2111 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 mar thaca le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe airm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa chun bagairt na mionarmán aindleathach agus na n-armán éadrom agus a n-armlón a laghdú (IO L 318, 10.12.2019, lch. 147).